

Treoirínite maidir leis an gClár de Shíntiúsóirí Corparáideacha



Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

Teileafón:	01 6395666
Ríomhphost	info@sipo.ie
Suíomh gréasáin:	www.sipo.ie
Twitter:	@SIPOCIreland

Clár Ábhar

<i>Réamhrá.....</i>	<i>4</i>
<i>FAISNÉIS ÚSÁIDEACH.....</i>	<i>6</i>
<i>Caibidil 1 - An Clár de Shíntiúsóirí Corparáideacha.....</i>	<i>8</i>
1.1 <i>Síntiúsóirí corparáideacha a chlárú</i>	<i>8</i>
1.2 <i>A bheith taifeadta sa chlár</i>	<i>8</i>
1.3 <i>Próiseas larratais agus sainmhíniú ar “larratasóir”</i>	<i>9</i>
1.4 <i>Sainmhíniú ar ‘chuideachta’</i>	<i>9</i>
1.5 <i>Sainmhíniú ar “shíntiúsóir corparáideach”</i>	<i>9</i>
1.6 <i>larratas</i>	<i>10</i>
1.7 <i>Seoladh an tSíntiúsóra Chorparáidigh.....</i>	<i>11</i>
1.8 <i>Ceadú ón Síntiúsóir orparáideach.....</i>	<i>11</i>
1.9 <i>Ról an Chinnnteora</i>	<i>12</i>
1.10 <i>Cúiseanna le Diúltú d’larratas</i>	<i>12</i>
1.11 <i>An Próiseas Achomhairc</i>	<i>13</i>
1.12 <i>An Clár a Leasú</i>	<i>13</i>
1.13 <i>An tréimhse ina mbeidh clárú bailí.....</i>	<i>14</i>
1.14 <i>Clárú a Athnuachan</i>	<i>14</i>
1.15 <i>Taifead a Chur ar Fáil lena Iniúchadh ag an bPobal.....</i>	<i>14</i>
<i>Caibidil 2 – Glacadh le síntiús ó shíntiúsóirí corparáideacha.....</i>	<i>15</i>
2.1 <i>Teorainneacha agus Tairseacha</i>	<i>15</i>
2.2 <i>Cé a fhéadfadh ráiteas síntiús corparáideach a dhéanamh?</i>	<i>15</i>
2.3 <i>Eisceachtaí do shíntiús os cionn €200.....</i>	<i>16</i>
2.4 <i>Síntiús a Chomhiomlánú</i>	<i>16</i>
2.5 <i>Síntiús Thoirmiscthe a Thabhairt ar Ais</i>	<i>17</i>
2.6 <i>Síntiús den sórt sin á ndiúscairt ag an gCoimisiún.....</i>	<i>17</i>
2.7 <i>Síntiús a thugann idirghabhálaithe – ceanglas maidir le fógra a thabhairt.....</i>	<i>17</i>

2.8	<i>Síntiúis a thugann idirghabhálaithe – ceanglas maidir le Ráiteas Síntiús a thabhairt</i>	17
<i>Caibidil 3 - Síntiúis i gCoitinne</i>		19
3.1	<i>Cad is síntiús ann?</i>	19
3.2	<i>Cad is ciall le críocha polaitíochta?</i>	21
3.3	<i>Síntiúis Thoirmiscthe Eile</i>	23
(a)	<i>Síntiúis airgid thirim os cionn €200</i>	23
(b)	<i>Síntiúis gan Ainm</i>	23
(c)	<i>Síntiúis ón gCoigríoch</i>	24
(d)	<i>Síntiúis os cionn na teorann forordaithe</i>	25
(e)	<i>Síntiúis os cionn na teorann forordaithe</i>	26
(f)	<i>Síntiúis os cionn na teorann forordaithe</i>	26
3.4	<i>Síntiúis do níos mó ná beirt</i>	27
3.5	<i>Ráitis Síntiús</i>	27
<i>Caibidil 4 - Cionta agus Pionóis</i>		29
4.1	<i>Cionta</i>	29
4.2	<i>Pionóis</i>	30

Réamhrá

1. Tá na treoirlínte seo do Chlár de Shíntiúsóirí Corparáideacha foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoi alt 4(6)(a) den Acht Toghcháin 1997 (“**an tAcht**¹”). Leasaíodh an tAcht roinnt uaireanta. Sna treoirlínte seo ba chóir tagairt d'alt den Acht a léamh mar thagairt a fholáíonn aon leasú/leasuithe ar an alt sin.
2. Is é cuspóir na dtreoirlínte seo ná a chinntiú go gcuirtear síntiúsóirí corparáideacha ar an eolas faoi na céimeanna is gá dóibh a ghlacadh maidir le síntiús a chlárú agus a nochtadh. Clúdaíonn na treoirlínte príomhcheanglais na reachtaíochta thuas maidir le:
 - Clár de Shíntiúsóirí Corparáideacha;
 - glacadh le síntiúsóirí corparáideacha;
 - síntiús go ginearálta;
 - cionta agus pionóis.
3. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart do shíntiúsóirí corparáideacha na treoirlínte a léamh ina n-iomláine. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin faoi alt 4(6)(b) den Acht comhairle a sholáthar maidir le comhlíonadh do dhaoine atá clúdaithe ag forálacha an Achta.

Cuirtear comhairle ar fáil faoi rogha an Choimisiúin um Chaighdeáin. I measc na gcúinsí nach féidir comhairle a sholáthar tá:

- nuair nach bhfuil dóthain faisnéise ann chun an t-iarrthóir a chur ar an eolas;
- i gcás ina mbaineann an t-iarratas ar chomhairle le hábhar atá lasmuigh de shaineolas an Choimisiúin um Chaighdeáin m.sh. ceisteanna cuntasáíochta.
- i gcás ina mbaineann an t-iarratas ar chomhairle le hábhar atá á scrúdú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart comhairle a lorg láithreach má thagann ábhar chun cinn a bhfuil éiginnteacht ina leith. Trí sin a dhéanamh, is lú an seans go gcruthóidh an cheist fadhb níos déanaí.

Ní mór do dhuine gníomhú de réir treoirlínte nó comhairle arna bhfoilsiú nó arna dtabhairt ag an gCoimisiún um Chaighdeáin mura rud é, dá ndéanfaí amhlaidh, go mbeadh foráil eile den Acht á sárú acu.

4. D'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte roimhe seo atá nuashonraithe anois leis na treoirlínte seo. Ullmhaíodh na treoirlínte nuashonraithe seo chun na forálacha a tugadh isteach leis an Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 a chur san áireamh agus tá siad tar éis dul in ionad na dtreoirlínte roimhe seo anois. Tá na Treoirlínte ina gceangal dlí. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil neamhréireacht idir na treoirlínte agus an tAcht, is é an tAcht atá i réim.

FAISNÉIS ÚSÁIDEACH

Luach an tsíntiúis	Is é glanluach an tsíntiúis (ó imeachtaí tiomsaithe airgid, etc.) a chinneann cé acu is gá nó nach gá é a nochtadh. Alt 22(2)(vi) agus Alt 46(2)(a)(vi)
€100	Ní fhéadfar glacadh le síntiús gan ainm os cionn na suime seo in aon bhliain féilire. Alt 23(1) agus Alt 47(1)
€100	Ar shíntiús den luach sin a fháil, ní mór do TD, do Sheanadóir, do FPE, d'iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, d'iarrthóir Uachtaránachta/do ghníomhaire toghcháin Uachtaránachta, do pháirtí polaitíochta, d'aonad cuntasáíochta de chuid páirtí polaitíochta (e.g. craobhacha, cumainn, Comhairle Dáilcheantair nó aon fho-aonad eile) nó do thríú páirtí cuntas síntiúis polaitíochta a oscailt, mura bhfuil ceann ar oscailt cheana féin. Alt 23B(1) agus Alt 48B(1)
€200	An síntiús uasta airgid thirim a bhféadfaidh TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, iarrthóir Uachtaránachta/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta, páirtí polaitíochta, aonad cuntasáíochta de chuid páirtí polaitíochta, nó tríú páirtí glacadh leis ó shíntiúsóir in aon bhliain féilire. Alt 23A(1)(iii) agus Alt 48A(1)(iii)
€200	An síntiús uasta a bhféadfaidh TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, iarrthóir Uachtaránachta/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta, páirtí polaitíochta, aonad cuntasáíochta de chuid páirtí polaitíochta nó tríú páirtí glacadh leis ó shíntiúsóir corparáideach in aon bhliain féilire, <u>ach amháin</u> i gcás go bhfuil an síntiúsóir corparáideach cláraithe ar an gClár de Shíntiúsóirí Corparáideacha arna choimeád ar bun ag an gCoimisiún <u>agus</u> go ndéantar ráiteas thar ceann an tsíntiúsóra chorparáidigh ina ndeimhnítear gur cheadaigh an síntiúsóir corparáideach an síntiús a chur faoi bhráid an deontaí in éineacht leis an síntiús. Alt 23AA(1)(i) agus (ii) agus Alt
€200	An síntiús comhiomlán uasta a fhéadfaidh cuideachta, ceardchumann, cumann nó cumann foirgníochta a thabhairt sula dtuairisceofar é i dtuairisceáin bhliantúla arna ndéanamh faoi Acht na gCuideachtaí, 1963, nó do Chláraitheoir na gCara-chumann nó do thuarascáil de chuid cumann foirgníochta (faoi Acht Cumann Foirgníochta, 1989). Alt 26
€600	Ní mór gach síntiús os cionn na suime seo a fhaigheann TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, iarrthóir Uachtaránachta/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta a nochtadh ar an Ráiteas Síntiús. Alt 24(4) agus Alt 48(1)
€1,000	An síntiús uasta a bhféadfaidh TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, nó iarrthóir Uachtaránachta/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta glacadh leis ó dhuine aonair nó ó shíntiúsóir corparáideach cláraithe in aon bhliain féilire. Alt
€1,500	Ní mór gach síntiús os cionn na suime seo a fhaigheann páirtí polaitíochta a nochtadh ar an Ráiteas Síntiús. Alt 24(4)
€1,500	An tairseach tuairiscithe/an tsuim chomhiomlán uasta a fhéadfaidh síntiúsóir a thabhairt do roinnt iarrthóirí éagsúla ón aon pháirtí, do bhall amháin nó níos mó den pháirtí nó don pháirtí féin in aon bhliain féilire sula gceanglófar ar an síntiúsóir ráiteas síntiús a chur isteach. Alt 24(1A)(a)

€2,500

An síntiús uasta a bhféadfaidh páirtí polaitíochta, aonad cuntasáíochta de chuid páirtí polaitíochta nó tríú páirtí glacadh leis ó dhuine aonair nó ó shíntiúsóir corparáideach cláraithe in aon bhliain féilire. **Alt 23A(1)(ii) agus Alt 48A(1)(ii)**

Dátaí ábhartha

14 Lá	An tréimhse nach mór do dheontáí síntiús toirmisce a thabhairt ar ais do Shíntiúsóir Corparáideach nó fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin síntiús agus é a chur chuige. Alt 23AA(6)
14 Lá	An tréimhse, dar tús an dáta ar a dtugtar fógra don iarratasóir fúithi, ina bhféadfaidh iarratasóir earráid ar iarratas atá le taifeadadh ar an gClár a cheartú.
14 Lá	An tréimhse, dar tús an dáta ar a n-eisítear fógra don iarratasóir fúithi, ina bhféadfaidh iarratasóir achomharc a dhéanamh in aghaidh breithe diúltú d'iarratas ar a bheith taifeadta sa Chlár. Alt 23D(7)(d)
8 Seachtaine	An tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig a bhféadfaidh Síntiúsóir Corparáideach iarratas a dhéanamh ar athchlárú ar bhonn bliantúil lena linn. Alt 23D(11)
31 Nollaig	An tréimhse ina mbeidh taifead sa chlár tar éis an iarratais bailí, suas go dtí an 31 Nollaig díreach tar éis an taifead a dhéanamh, agus an lá sin san áireamh. Alt 23D(10)

Caibidil 1 - An Clár de Shíntiúsóirí Corparáideacha

1.1 *Síntiúsóirí corparáideacha a chlárú*

Bhunaigh an Coimisiún um Chaighdeán an clár de shíntiúsóirí corparáideacha (an clár) agus leanfaidh sí ar aghaidh le é a choimeád ar bun. **[alt 23D(1)]**

1.2 *A bheith taifeadta sa chlár*

Síntiúsóir corparáideach a bheartaíonn síntiús ar mó a luach ná €200 a thabhairt do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, do chomhalta de Pharlaimint na hEorpa, d'iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid, nó Eorpach, d'iarrthóir i dtoghchán uachtaránachta, do ghníomhaire toghcháin uachtaránachta nó do thríú páirtí i dtoghchán uachtaránachta, do pháirtí polaitíochta (lena n-áirítear fo-eagraíocht páirtí polaitíochta) nó do thríú páirtí, ní mór dó iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaighdeán ar a bheith taifeadta sa chlár. **[alt 23D(2)]**

Ciallaíonn fo-eagraíocht páirtí polaitíochta comhlacht nó comhlachas (lena n-áirítear comhlacht nó comhlachas a bhfuil oifig aige lasmuigh den Stát) a bhfuil:

- mar chuid de pháirtí polaitíochta den sórt sin, nó
- bunaithe ag nó faoi bhunreacht an pháirtí polaitíochta, nó
- atá á rialú go héifeachtach ag an bpáirtí polaitíochta nó ag a oifigigh, nó
- a bhfuil feidhmeanna tugtha dó ag nó faoi bhunreacht an pháirtí.

Áirítear leis seo aonad cuntasáíochta, brainse, Cumann, Comhairle Ceantair Dáil nó aon fho-aonad nó cuid srl., de chuid an pháirtí, cé go bhféadfadh feidhmeanna ar leith a bheith acu faoin Acht.

1.3 *Próiseas iarratais agus sainmhíniú ar “iarratasóir”*

Chun críocha an iarratais, is é seo an sainmhíniú a thugtar ar iarratasóir:

- a) i gcás cuideachta, stiúrthóir nó oifigeach eile don chuideachta;
- b) i gcás comhlacht corpraithe, seachas cuideachta, nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, aon oifigeach don chomhlacht nó aon duine atá ag comhlíonadh feidhmeanna oifigigh don chomhlacht de thuras na huaire;
- c) i gcás iontaobhais, iontaobhaí don iontaobhas. **[alt 23D(5)]**

1.4 *Sainmhíniú ar ‘cuideachta’*

De réir na reachtaíochta, ciallaíonn ‘cuideachta’ cuideachta arna bunú faoi Achtanna na gCuideachtaí. **[alt 22(2)(aa)]**

1.5 *Sainmhíniú ar “shíntiúsóir corparáideach”*

Áirítear iad seo a leanas leis an sainmhíniú ar shíntiúsóir corparáideach:

- (i) comhlacht corpraithe;
- (ii) comhlacht neamhchorpraithe daoine;
- (iii) iontaobhas,

a thugann síntiús. Meastar gurb é an t-aon duine amháin atá i gcomhlacht corpraithe agus aon fhochuideachta dá chuid. **[alt 22(2)(aa)]**

1.6 Iarratas

Ní mór don iarratasóir iarratas scríofa a chomhlánú, áit a luaitear ainm agus seoladh an tsíntiúsóra corparáidigh agus ainm agus seoladh an duine atá freagrach as eagrú, as bainistiú nó as gnóthaí airgeadais an tsíntiúsóra corparáidigh. Caithfidh ráiteas a bheith san iarratas freisin ar na críocha ar foirmíodh an deontóir corparáideach dóibh, agus ní mór go mbeadh liosta ann de gach comhalta, scairshealbhóir nó iontaobhaí de chuid an deontóra corparáideach amhail an 31 Nollaig roimh an iarratas. I gcás síntiúsóra corparáidigh a foirmíodh ar an gcéad lá d'Eanáir na bliana roimh an iarratas nó roimh an dáta sin, ní mór (i) cóip dá ráiteas cuntas don bhliain sin, agus (ii) más infheidhme, cóip den tuarascáil bhliantúil don bhliain sin, a bheith ar áireamh san iarratas. **[alt 23D(3)]**

Ní mór dearbhú reachtúil a bheith ag gabháil leis an iarratas gur ceart i ngach ponc ábhartha atá an fhaisnéis a thugtar ar an bhfoirm iarratais de réir mar is fearr is eol don duine lena mbaineann agus mar a chreideann sé agus go ndearna an duine gach beart réasúnach chun a bheith sásta maidir le cruinneas na faisnéise. **[alt 23D(4)]**

Tá an fhoirm iarratais ar fáil le híoslódáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin agus is féidir teacht air [anseo](https://anseo.ie). Is féidir cóipeanna comhlánaithe den fhoirm iarratais a sheoladh trí ríomhphost chuig info@sipo.ie leis an líne ábhair “Iarratas ar Chlár de Shíntiúsóirí Corparáideacha (Cuir isteach Ainm an tSíntiúsóra).” Ba chóir an chóip chrua den fhoirm iarratais a chur sa phost chuig an seoladh seo a leanas:

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

1.7 *Seoladh an tSintiúsóra Chorporáidigh*

Chun críocha na foirme iarratais, is é seoladh an Síntiúsóra Chorporáidigh:

- a) i gcás cuideachta, seoladh a hoifige cláraithe,
- b) i gcás comhlacht corpraithe, seachas cuideachta, nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, seoladh a phríomhoifige nó a phríomháite gnó, nó
- c) i gcás iontaobhais, seoladh phríomhoifig nó phríomháit ghnó an iontaobhaí nó seoladh cónaithe an iontaobhaí. **[alt 23D(13)]**

1.8 *Ceadú ón Síntiúsóir Corparáideach*

Ciallaíonn ‘cheadaigh an síntiúsóir corparáideach’:

- a) go ndearnadh cruinniú ginearálta, arb é ceann de na cuspóirí atá leis breithniú a dhéanamh i dtaobh síntiús a thabhairt, a thionól agus a stiúradh go cuí agus gur tugadh ceadú chun an síntiús a thabhairt de réir na rialacha (cibé acu atá siad i scríbhinn nó nach bhfuil) lena rialaítear riaradh agus rialú an tsíntiúsóra chorporáidigh lena mbaineann agus lena rialáiltear a ghníomhaíochtaí agus beidh sna rialacha sin:
 - i. i gcás cuideachta, meabhrán agus airteagail na cuideachta,
 - ii. i gcás comhlacht corpraithe seachas cuideachta, an chairt, an reacht nó an ionstraim eile den tsamhail sin lena mbunaítear é,
 - iii. i gcás comhlacht neamhchorpraithe daoine, rialacha an chomhlachta,

- b) go ndéanann iontaobhaí síntiús a thabhairt de réir an ghníomhais iontaobhais lenar bunaíodh an t-iontaobhas lena mbaineann, ar gníomhas iontaobhais é lena gceadaítear síntiús den sórt sin a thabhairt. **[alt 23AA(8) agus alt 48AA(7)]**

1.9 *Ról an Chinnteora*

Tar éis an t-iarratas ar iontráil ar Chlár de Shíntiúsóirí Corparáideacha a fháil, breithneoidh comhalta de Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin (an “**Cinneadóir**”) ar an t-iarratas. Má tá mionearráid nó easnamh ann san iarratas, tabharfar fógra don iarratasóir faoin earráid nó faoin easnamh sin. Beidh tréimhse 14 lá ag an iarratasóir chun an earráid a cheartú nó an t-easnamh a shlánú. Beidh deis ag an iarratasóir faisnéis bhreise a chur isteach freisin, rud a bhreithneoidh an Cinnteoir sula dtabharfaidh sé breith i ndáil leis an iarratas. I gcás go gcinntfidh an Cinnteoir an Síntiúsóir Corparáideach a chlárú sa Chlár de Shíntiúsóirí Corparáideacha tar éis dó tuilleadh breithnithe a dhéanamh, tabharfar fógra i scríbhinn don iarratasóir faoin mbreith. Cláróidh an Cinnteoir an Síntiúsóir Corparáideach agus taifeadfaidh sé an fhaisnéis ar an gclár. **[alt 23D(7)(a) go (c)]**

1.10 *Cúiseanna le Diúltú d’Iarratas*

Tar éis dó iarratas leasaithe agus aon fhaisnéis bhreise a cuireadh ar fáil a bhreithniú, féadfaidh an Cinnteoir cinneadh diúltú don iarratas ar na cúiseanna seo a leanas:

- a) tá an t-iarratas, lena n-áirítear an dearbhú reachtúil, mícheart i bponc áirithe agus ní dhearna an duine gach beart réasúnach chun a bheith sásta maidir le cruinneas na faisnéise, nó
- b) tá an síntiúsóir corparáideach ina chomhlacht corpraithe nó ina chomhlacht neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann, oifig óna

stiúrtar ceann amháin nó níos mó dá phríomhghníomhaíochtaí. **[alt 23D(7)(i) agus (ii)]**

Cuirfidh an Cinneadóir in iúl don iarratasóir, i scríbhinn, faoin gcinneadh agus faoin gcúis ar diúltaíodh don iarratas agus cuirfidh sé in iúl don iarratasóir gur féidir leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an Oifigeach Achomhairc tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta a eisíodh an fógra don iarratasóir. Is féidir achomharc a sheoladh le ríomhphost chuig info@sipo.ie.

1.11 An Próiseas Achomhairc

Féadfaidh an t-iarratasóir achomharc i scríbhinn a dhéanamh in aghaidh na breithe tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta ar a n-eisítear fógra chuig an iarratasóir.

Déanfaidh an tOifigeach Achomhairc an fhaisnéis go léir a cuireadh ar fáil i dteannta an iarratais bhunaidh, agus aon fhaisnéis bhreise a cuireadh ar fáil i dteannta an achomhairc, a bhreithniú. **[alt 23D(8)(a)]** Tar éis dó an t-achomharc a bhreithniú, cinnfidh an tOifigeach Achomhairc:

- a) an bhreith arna tabhairt a chúlghairm agus a ordú don Chinnteoir an síntiúsóir corparáideach a chlárú agus an fhaisnéis atá leagtha amach i mír 1.6 a thaifeadadh sa chlár, **[alt 23D(8)(b)(i)]** nó
- b) breith an Chinnteora a dhaingniú **[alt 23D(8)(b)(ii)]**

Tabharfaidh an tOifigeach Achomhairc fógra i scríbhinn don iarratasóir faoin breith agus faoin gcúis atá leis an mbreith a luaithe is féidir. **[alt 23D(8)(c)]**

1.12 An Clár a Leasú

Má thagann an t-iarratasóir ar an eolas, maidir le sonra atá taifeadta sa chlár agus a bhaineann le Síntiúsóir Corparáideach, nach bhfuil sé ceart nó go bhfuil sé scortha de bheith ceart, ní mór don iarratasóir an méid sin a chur in iúl a luaithe is féidir don

Choimisiún um Chaighdeáin. Déanfaidh an Coimisiún an t-athrú ar an gclár ansin. Is faoin iarratasóir atá sé a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis ar an gclár ceart agus cothrom le dáta. **[alt 23D(9)]**

1.13 An tréimhse ina mbeidh clárú bailí

Féadfaidh Síntiúsóir Corparáideach iarratas a dhéanamh tráth ar bith i mbliain áirithe. Beidh aon taifead a dhéantar sa chlár tar éis an iarratais bailí ar feadh na tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig díreach tar éis an taifead a dhéanamh, agus an lá sin san áireamh. **[alt 23D(10)]**

1.14 Clárú a Athnuachan

Féadfaidh Síntiúsóir Corparáideach atá taifeadta sa chlár iarratas a dhéanamh, tráth nach luaithe ná 8 seachtaine roimh dhul in éag do thréimhse bhailíochta an taifid sa chlár, chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin faoin alt seo ar a bheith taifeadta sa chlár go ceann bliain bhreise díreach tar éis an dul in éag sin. Is faoin iarratasóir atá sé iarratas a dhéanamh ar chlárú a athnuachan. **[alt 23D(11)]**

1.15 Taifead a Chur ar Fáil lena Iniúchadh ag an bPobal

Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin cóip den taifead ar an gclár, lena n-áirítear cóip de na doiciméid atá liostaithe i mír 1.6, a chur ar fáil lena hiniúchadh gan mhuirear ag an bpobal le linn gnáthuaireanta oibre. Foilseofar an fhaisnéis ar fad a bhaineann le hachomharc ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin freisin. **[alt 23D(12)]**

Caibidil 2 – Glacadh le síntiúis ó shíntiúsóirí corparáideacha

2.1 *Teorainneacha agus Tairseacha*

I gcás Síntiúsóra Chorporáidigh, ní fhéadfaidh comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas; comhalta de Pharlaimint na hEorpa; iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó uachtaránachta; gníomhaire toghcháin uachtaránachta; páirtí polaitíochta; aonad cuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta ná tríú páirtí glacadh, go díreach nó trí idirghabhálaí, le síntiús os cionn luach €200 **ach amháin** i gcás go bhfuil an Síntiúsóir Corparáideach cláraithe sa Chlár de Shíntiúsóirí Corparáideacha (arna choimeád ar bun ag an gCoimisiún um Chaighdeáin) **agus** go ndéantar ráiteas thar ceann an tSíntiúsóra Chorporáidigh (ráiteas síntiús corparáideach) agus go gcuirtear é sin ar fáil don deontáí lena dheimhniú gur cheadaigh an Síntiúsóir Corparáideach an síntiús a thabhairt **[alt 23AA(1) agus alt 48AA(1)]**

Ní mór dearbhú reachtúil a bheith ag gabháil leis an ráiteas gur ceart i ngach ponc ábhartha atá an ráiteas de réir mar is fearr is eol don duine lena mbaineann agus mar a chreideann sé agus go ndearna an duine gach beart réasúnach chun a bheith sásta maidir le cruinneas an ráitis. **[alt 23AA(2) agus alt 48AA(2)]**

2.2 *Cé a fhéadfaidh ráiteas síntiús corparáideach a dhéanamh?*

Ní fhéadfaidh ach duine de na daoine seo a leanas ráiteas síntiús corparáideach agus dearbhú reachtúil a dhéanamh:

- a) i gcás cuideachta, stiúrthóir cuideachta nó oifigeach eile don chuideachta;

- b) i gcás comhlacht corpraithe (seachas cuideachta) nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, aon oifigeach don chomhlacht nó aon duine atá ag comhlíonadh feidhmeanna oifigh don chomhlacht de thuras na huaire;
- c) i gcás iontaobhais, iontaobhaí don iontaobhas. **[alt 23AA(3) agus alt 48AA(3)]**

2.3 *Eisceachtaí do shíntiúis os cionn €200*

Níl toirmeasc ar shíntiús os cionn €200 sa chás gurb ionann an síntiúsóir corparáideach agus –

- a) soláthraí cláir oideachais agus oiliúna, **[Mar atá sainmhínithe in alt 23AA(8)]**, nó
- b) aontas na mac léinn nó comhlacht ionadaitheach eile atá aitheanta ag soláthraí cláir oideachais agus oiliúna,

agus go ndéanann sé íocaíocht le club, le cumann nó le comhlacht eile atá ag oibriú le cead, agus in áitreabh, an tsoláthraí cláir oideachais agus oiliúna, agus gur mac léinn atá rollaithe nó cláraithe leis an soláthraí cláir oideachais agus oiliúna gach comhalta de. **[alt 23AA(4)]**

2.4 *Síntiúis a Chomhiomlánú*

I gcás go dtugann Síntiúsóir Corparáideach níos mó ná síntiús amháin san aon bhliain féilire amháin don aon chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, don aon chomhalta amháin de Pharlaimint na hEorpa, don aon pháirtí polaitíochta amháin, don aon aonad cuntasaíochta amháin de chuid páirtí polaitíochta nó don aon tríú páirtí amháin nó, i ndáil leis an aon toghchán Dála, Seanaid, Eorpach nó uachtaránachta amháin, don aon iarrthóir amháin nó don aon ghníomhaire

toghcháin uachtaránachta amháin, ní mór gach síntiús den sórt sin a chomhiomlánú agus caitheamh leo mar shíntiús aonair atá faighte ag an duine lena mbaineann. **[alt 23AA(5) agus alt 48AA(4)]**

Measfar gur síntiús é íocaíocht táille nó suibscríofa ag an duine, thar a cheann féin nó thar ceann duine eile nó daoine eile, is táille nó suibscríobh le haghaidh ballraíochta, nó ballraíocht leantach, de pháirtí polaitíochta agus ní mór é a chomhiomlánú le síntiúis eile chun comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú. **[alt 22(2)(a)(viii)]**

2.5 *Síntiúis Thoirmiscthe a Thabhairt ar Ais*

I gcás go bhfuil sé toirmiscthe glacadh le síntiús, ní mór don deontáí, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an síntiús a fháil:

- a) an síntiús nó, i gcás síntiús is síntiús airgid, an chuid de is mó ná an teorainn lena mbaineann, a thabhairt ar ais don Síntiúsóir Corparáideach agus taifead scríofa a choimeád ar an síntiús sin a thabhairt ar ais d'fhonn an taifead a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, má éilíonn sé é, nó
- b) fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin síntiús sin a fháil agus an síntiús, nó, i gcás síntiús is síntiús airgid, an chuid de is mó ná an teorainn lena mbaineann nó luach na coda sin, a chur chuig an gCoimisiún. **[alt 23AA(6) agus alt 48AA(5)]**

Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart don deontáí na taifid ar síntiúis a tugadh ar ais a choinneáil. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

2.6 *Síntiúis den sórt sin á ndiúscairt ag an gCoimisiún*

I gcás ina seolfar an síntiús chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin, déanfaidh sé an t-airgead, an mhaoín nó na hearraí go léir a fuarthas ar an mbealach sin a dhiúscairt ar cibé slí a ordóidh an tAire Airgeadais. **[alt 23AA(7) agus alt 48AA(6)]**

2.7 *Síntiús a thugann idirghabhálaithe*

Ní mór do dhuine a thugann síntiús thar ceann duine eile fógra i scríbhinn a thabhairt don chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas; don chomhalta de Pharlaimint na hEorpa; don iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach; don ghníomhaire toghcháin uachtaránachta; don pháirtí polaitíochta; don tríú páirtí; don aonad cuntasíochta de chuid páirtí polaitíochta, nó don tríú páirtí dá dtugtar an síntiús, fógra ina luaitear go bhfuil an síntiús á thabhairt thar ceann duine seachas an duine a thugann an síntiús, agus ainm, tuairisc agus seoladh poist an duine ar thar a cheann atá an síntiús á thabhairt. **[alt 23AB agus alt 48AB]**

2.8 *Síntiús a thugann idirghabhálaithe – ceanglas maidir le Ráiteas Síntiús a thabhairt*

I gcás gur ghlac an deontaí le síntiús trí idirghabhálaí, ní mór faisnéis bhreise a thabhairt sa Ráiteas Síntiús bliantúil a chuireann na daoine aonair atá luaite sa mhír thuas ar fáil, eadhon, luach an tsíntiúis; ainm, tuairisc agus seoladh poist an duine a thug an síntiús nó ar tugadh an síntiús thar a cheann. Ní mór na nithe seo a leanas a thabhairt sa Ráiteas Síntiús freisin: an dáta ar a bhfuarthas an síntiús agus an amhlaidh gur iarradh ar an síntiúsóir an síntiús a thabhairt, agus má iarradh, ainm agus seoladh poist an duine a d'iarr an síntiús, agus an amhlaidh gur eisíodh admháil chuig an síntiúsóir i leith an tsíntiúis, agus má eisíodh, an dáta ar ar eisíodh an admháil agus ainm an duine a d'eisigh an admháil. **[alt 24(1)]**

Caibidil 3 - Síntiúis i gCoitinne

3.1 *Cad is síntiús ann?*

Sainmhínítear síntiús san Acht mar aon ranníocaíocht a thugann duine ar bith (lena n-áirítear fo-eagraíocht a bhfuil oifig aige lasmuigh den Stát) laistigh nó lasmuigh den Stát chun críocha polaitíochta d'aon chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas; do chomhalta de Pharlaimint na hEorpa; d'iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid, Eorpach nó uachtaránachta; do ghníomhaire toghcháin uachtaránachta; do thríú páirtí; do pháirtí polaitíochta nó d'aon aonad cuntasáíochta de chuid páirtí polaitíochta (e.g. gach craobh, gach cumann, gach Comhairle Dáilcheantair nó aon fho-aonad de chuid páirtí, srl. **[alt 22(2)(aa)]**), agus áirítear leis gach ceann nó ceann ar bith díobh seo a leanas **[alt 22(2)(a)]**, is iad sin:

- i. síntiús airgid;
- ii. síntiús maoine nó earraí;
- iii. úsáid saor in aisce as maoín nó earraí (i.e. an ceart a thabhairt chun aon mhaoín nó earraí a úsáid ar feadh tréimhse gan teorainn nó tréimhse shonraithe gan íocaíocht ná comaoín eile a fháil);
- iv. soláthar seirbhísí saor in aisce (i.e. an soláthar seirbhísí gan íocaíocht ná aon chomaoín eile);
- v. an difríocht idir an gnáthphraghas tráchtála agus an praghas (níos ísle) a ghearrtar ar mhaoín nó earraí a cheannach, a fháil nó a úsáid nó ar sheirbhís ar bith a sholáthar i gcás gur lú an praghas, an táille nó comaoín eile ná an gnáthphraghas tráchtála (is féidir go n-áirítear leis sin iasacht a chuireann tríú páirtí nó institiúid airgeadais ar fáil ag téarmaí agus coinníollacha atá níos fabhraí ná iad sin a chuireann an institiúid airgeadais ar fáil do dhaoine aonair eile i ngnáthchúrsa an ghnó);

- vi. ranníocaíocht a dhéanann duine le himeacht tiomsaithe airgid arna eagrú chun airgead a thiomsú chun críche polaitíochta. Is é is an síntiús ann ná an céatadán den ranníocaíocht atá inchurtha i leith an ghlanbhrabúis, más ann, a thagann as an imeacht. Meastar síntiús a bheith faighte ar dháta an imeachta tiomsaithe airgid iarbhír (agus ní ar an dáta ar a bhfaightear iad iarbhír). Tugtar tuilleadh sonraí in Aguisín 1 de na treoirlínte seo faoin seasamh maidir le himeachtaí tiomsaithe airgid;
- vii. táille nó síntiús arna (h)íoc ag an duine thar a cheann féin nó thar ceann duine amháin eile nó níos mó ná duine amháin eile as ballraíocht nó ballraíocht leantach de pháirtí polaitíochta (áirítear le táillí ballraíochta aon táillí ballraíochta/tobhaigh bhallraíochta/síntiús bhallraíochta arna n-íoc le haon fho-aonad de chuid páirtí polaitíochta);
- viii. síntiús barúlach/síntiús comhchineáil. Ciallaíonn sé sin go meastar go dtugtar luach barúlach/costas na hoibre/na speansais mar shíntiús don deontaí nuair a íocann duine/eagraíocht as obair/speansais óna (h)acmhainní féin (i.e. nach cistí páirtí iad). Tá síntiús chomhchineáil le luacháil ag an ngnáthphraghas tráchtála a ghearrtar as an maoin nó na hearraí a cheannach, a úsáid nó a fháil nó as aon seirbhís a thugtar mar shíntiús a sholáthar. Féach mír 3.2(v).

Measfar gur síntiús a thugtar go díreach don deontaí é síntiús a thugtar do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas; do chomhalta de Pharlaimint na hEorpa; d'iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid, Eorpach nó uachtaránachta; do ghníomhaire toghcháin uachtaránachta; do thríú páirtí; do pháirtí polaitíochta nó d'aon aonad cuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta (e.g. gach craobh, gach cumann, gach Comhairle Dáilcheantair nó aon fho-aonad de chuid páirtí, etc.) trí idirghabhálaí, trí ghníomhaire nó trí aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann an deontaí. **[alt 22(2)(c)]**

Má thugann an t-aon duine amháin níos mó ná síntiús amháin san aon bhliain féilire amháin do Chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó do FPE, nó do pháirtí

polaitíochta, nó, i ndáil leis an aon toghchán Dála, Seanaid, Eorpach amháin, don aon iarrthóir amháin, ní mór luachanna na síntiús a chomhiomlánú agus déileáil leo mar shíntiús aonair ionas go gcloífear leis na teorainneacha nochta agus leis na teorainneacha uasta glactha is infheidhme i leith síntiús. **[alt 22(2)(d)]**

Má thugann níos mó ná duine amháin den aon teaghlach amháin, nó de ghrúpa eile, síntiús don aon Chomhalta amháin, don aon iarrthóir amháin, don aon ghníomhaire toghcháin uachtaránachta amháin, don aon fho-aonad amháin nó don aon pháirtí polaitíochta amháin, lena n-áirítear cásanna ina dtugtar síntiús airgid ó chomhchuntas in institiúid airgeadais, ní mór é a bheith soiléir gur síntiús ar leithligh iad sin ó gach duine aonair/páirtí lena mbaineann.

Mura bhfuil, ní mór luachanna na síntiús a chomhiomlánú agus déileáil leo mar aon síntiús amháin chun na síntiús a nochtheadh agus ionas go gcloífear leis an teorainn uasta is infheidhme i leith síntiús a ghlacadh. Ar an dul céanna, má thugann cuideachta agus aon duine dá stiúrtóirí síntiús don aon Chomhalta amháin, don aon iarrthóir amháin, don aon ghníomhaire toghcháin uachtaránachta amháin, don aon fho-aonad amháin nó don aon pháirtí polaitíochta amháin, ní mór é a bheith soiléir gur síntiús ar leithligh iad sin. I gcúinsí den sórt sin, d'fhéadfadh an Coimisiún um Chaighdeán fianaise a lorg gur tháinig na síntiús ó eintitis dhlíthiúla ar leithligh. I gceachtar cás, ní mór don ghníomhaire toghcháin agus/nó don iarrthóir/don ghníomhaire toghcháin uachtaránachta, don fho-aonad nó don pháirtí polaitíochta cibé fiosruithe is gá a dhéanamh d'fhonn go mbeidh sé sásta leis an seasamh maidir leis an síntiús. **[alt 22(2)(d)]**

3.2 *Cad is ciall le críocha polaitíochta?*

Ciallaíonn 'críocha polaitíochta' ceann ar bith de na críocha seo a leanas, eadhon, **[alt 22(2)(aa)]**:

- i. leasanna páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó ionadaí i bParlaimint na hEorpa a chur chun cinn nó cur ina n-aghaidh, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, nó
- ii. na beartais nó beartas ar leith de chuid páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí a chur i láthair, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, nó
- iii. na tuairimí de chuid páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí a chur i láthair go díreach nó go hindíreach maidir leis an mbeartas nó na beartais ar leith de chuid páirtí polaitíochta eile, grúpa polaitíochta eile, comhalta eile de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí eile i bParlaimint na hEorpa, tríú páirtí eile nó iarrthóra i dtoghchán nó i reifreann nó ar shlí eile, nó
- iv. leasanna tríú páirtí a chur chun cinn nó cur ina n-aghaidh, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, i dtaca le stiúradh nó bainistiú a dhéanamh ar fheachtas ar bith a dhéantar chun toradh ar leith a chur chun cinn nó a fháil maidir le beartas nó beartais nó feidhmeanna de chuid an Rialtais nó aon údaráis phoiblí;
- v. toghadh iarrthóra i dtoghchán Dála, Seanaid, Eorpach nó uachtaránachta a chur chun cinn nó cur ina aghaidh, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, nó vótaí ar son nó in aghaidh iarrthóra a iarraidh nó cur i láthair a dhéanamh ar na beartais nó ar bheartas ar leith de chuid iarrthóra nó ar na barúlacha de chuid iarrthóra faoi ábhar ar bith a bhaineann leis an toghchán nó na tuairimí de chuid iarrthóra maidir leis an mbeartas nó na beartais de chuid páirtí polaitíochta nó grúpa polaitíochta nó de chuid iarrthóra eile sa toghchán nó ar shlí eile;
- vi. féachaint le tionchar a imirt ar an toradh ar thoghchán nó ar reifreann nó ar fheachtas ar shlí eile dá dtagraítear i bpointe (iv) thuas.

3.3 *Síntiúis Thoirmiscthe Eile*

(a) Síntiúis airgid thirim os cionn €200

Mar aon leis an toirmeasc ar ghlacadh le síntiúis chorparáideacha, ní fhéadfaidh TDanna, Seanadóirí, Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa, páirtithe polaitíochta, fo-aonaid de chuid páirtithe polaitíochta, tríú páirtithe, iarrthóirí i dtoghchán uachtaránachta, gníomhaire toghcháin uachtaránachta ná tríú páirtí i dtoghchán uachtaránachta glacadh, go díreach nó trí idirghabhálaí, le síntiús airgid thirim os cionn €200 ó aon síntiúsóir in aon bhliain féilire seachas de réir an Achta. **[alt 23A(1)]**. Chun críocha an Achta, ní mheasfar gur síntiús airgid thirim é síntiús a fhaightear i bhfoirm seic.

I gcás go bhfaightear síntiús os cionn na dteorainneacha sin ní mór don deontáí fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá tar éis é a fháil agus an síntiús, nó an chuid sin de shíntiús airgid atá os cionn na teorann, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an deontáí an síntiús, nó an chuid sin de shíntiús airgid atá os cionn na teorann, a thabhairt ar ais don deontóir agus taifead scríofa den tuairisceán sin a choinneáil chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá.

Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart d'fhaighteoir na taifid tuairisceáin a choinneáil. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

(b) Uasmhéid síntiús do dhaoine aonair agus do pháirtithe polaitíochta

Is é uasluach an tsíntiúis/na síntiúis ar féidir le duine aonair glacadh leis ó Shíntiúsóir Corparáideach cláraithe i mbliain féilire ar leith, go díreach nó trí idirghabhálaí ná €1,000 do bhall aonair srl. agus €2,500 do pháirtithe polaitíochta.

Sa chás go dtugann Síntiúsóir Corparáideach níos mó ná síntiús amháin do dhuine aonair i mbliain ar leith, ní mór luachanna na síntiús a chomhiomlánú chun críche an uasteorainn a urramú.

I gcás go bhfaightear síntiús os cionn na dteorainneacha sin ní mór don deontáí fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá tar éis é a fháil agus an síntiús, nó an chuid sin de shíntiús airgid atá os cionn na teorann, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an deontáí an síntiús, nó an chuid sin de shíntiús airgid atá os cionn na teorann, a thabhairt ar ais don deontóir agus taifead scríofa den tuairisceán sin a choinneáil chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá.

Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart don deontáí na taifid ar síntiús a thabhairt ar ais a choinneáil. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

(c) Síntiúis gan Ainm

Tá sé toirmiscthe glacadh le síntiús gan ainm ar mó a luach ná €100. Is síntiús gan ainm é an síntiús i gcás nach bhfuil ainm agus seoladh an tsíntiúsóra ar eolas ag an bhfaighteoir. Is ar an bhfaighteoir atá an dualgas a chinntiú gurb eol ainm agus seoladh an tsíntiúsóra. Má fhaightear síntiús toirmiscthe den sórt sin, ní mór don fhaighteoir fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi laistigh de 14 lá tar éis é a fháil. Ní mór don fhaighteoir an síntiús, nó a luach, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

I gcás ina ndéanann Idirghabhálaí síntiús, is gá ainm agus seoladh an síntiúsóra bhunaidh.

Ní mheasfar síntiúis a thugtar trí sheirbhísí tiomsaithe airgid ar líne a bheith anaithnid i gcás ina bhfuil ainm agus seoladh an síntiúsora ar eolas ag an gcomhalta/FPE.

I gcás go bhfaightear síntiús os cionn na dteorainneacha sin ní mór don deontaí fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá tar éis é a fháil agus an síntiús a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

(d) Síntiús ón gCoigríoch

Ní féadfaidh duine aonair glacadh le “síntiús ón gcoigríoch”. Is é is síntiús ón gcoigríoch ann síntiús, cibé luach atá air, arna thabhairt ag duine aonair (seachas saoránach Éireannach) ar a bhfuil cónaí lasmuigh d’oileán na hÉireann nó síntiús arna thabhairt ag comhlacht corpraithe nó neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann óna stiúrtar ceann amháin nó níos mó dá phríomhghníomhaíochtaí. Is ar an bhfaighteoir atá an dualgas é féin a shásamh gur saoránach Éireannach é an síntiúsóir.

I gcás ina bhfaightear síntiús coigríche toirmisceithe ní mór don faighteoir fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá tar éis é a fháil agus an síntiús, nó an chuid sin de shíntiús airgid atá os cionn na teorann, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an faighteoir an síntiús, nó an chuid sin de shíntiús airgid atá os cionn na teorann, a thabhairt ar ais don deonaí agus taifead scríofa a choinneáil chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá.

Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart d’fhaighteoir na taifid ar síntiús a thabhairt ar ais a choinneáil. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

(e) Síntiúis os cionn na teorann forordaithe

Tá na teorainneacha do shíntiúis leagtha amach sa rannán thuas maidir le faisnéis úsáideach. I gcás go bhfaightear síntiús agus go bhfuil sé toirmiscithe toisc é a bheith os cionn na teorann, ní mór don faighteoir fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi laistigh de 14 lá ón síntiús sin a fháil agus an síntiús sin, nó an chuid sin den síntiús airgid atá os cionn na teorann, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an faighteoir an síntiús, nó an chuid sin den síntiús airgid atá os cionn na teorann, a thabhairt ar ais don síntiúsóir agus taifead scríofa a choinneáil go ndearnadh amhlaidh d'fhonn an taifead a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá. Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart d'fhaighteoir na taifid ar síntiús a thabhairt ar ais a choinneáil. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

(f) Síntiúis i bhfoirm criptea-airgeadra

Ní fhéadfar glacadh le síntiús d'aon luach i bhfoirm criptea-airgeadra.

I gcás ina bhfaightear síntiús i bhfoirm criptea-airgeadra, ní mór don deontái fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá tar éis é a fháil agus an síntiús, nó an chuid sin de shíntiús airgid atá os cionn na teorann, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an deontái an síntiús, nó an chuid sin de shíntiús airgid atá os cionn na teorann, a thabhairt ar ais don deontóir agus taifead scríofa den tuairisceán sin a choinneáil chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá.

Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart d'fhaighteoir na taifid a choinneáil maidir leis an síntiús a thabhairt ar ais. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

3.4 *Síntiúis do níos mó ná beirt*

Daoine aonair, lena n-áirítear Síntiúsóirí Corparáideacha, a thugann, chun críocha polaitíochta agus le linn bliain féilire, síntiúis dar luach comhiomlán os cionn €1,500 do bheirt nó níos mó a bhí ina gcomhaltaí den aon pháirtí polaitíochta nuair a tugadh na síntiúis, nó do pháirtí polaitíochta agus do dhuine amháin nó níos mó a bhí ina gcomhaltaí den pháirtí polaitíochta sin nuair a tugadh na síntiúis dóibh, ní mór dóibh, tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir gach bliain, Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, rud ina dtugtar sonraí faoi shíntiúis den sórt sin. **[alt 24(1A)]**

Daoine aonair, TDanna, Seanadóirí, Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa, páirtithe polaitíochta, fo- aonaid de chuid páirtithe polaitíochta agus tríú páirtithe, iarrthóirí i dtoghchán uachtaránachta, gníomhaire toghcháin uachtaránachta nó tríú páirtí i dtoghchán uachtaránachta, ní fhéadfaidh siad glacadh le síntiús ó aon duine a thug síntiús do bheirt nó níos mó a bhí ina gcomhaltaí den aon pháirtí polaitíochta nuair a tugadh na síntiúis, nó a thug síntiús do pháirtí polaitíochta agus do dhuine amháin nó níos mó a bhí ina gcomhaltaí den pháirtí polaitíochta sin nuair a tugadh na síntiúis dóibh, i gcás gurb eol dóibh go gceanglófar ar an duine atá ag tairiscint an tsíntiúis Ráiteas Síntiús a chur ar fáil agus nach bhfuil sé ar intinn ag an duine cloí leis an gceanglas sin. I gcúinsí ina bhfaightear síntiús den sórt sin, tá toirmeasc ar an bhfaighteoir glacadh leis agus ní mór dó sonraí teagmhála an faighteoir a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus an síntiús nó a luach a chur ar ais chuig an gCoimisiún. **[alt 24A(2) agus (3)]**

3.5 *Ráitis Síntiús*

Tá dualgas ar gach comhalta de na Tithe agus ar gach ionadaí i bParlaimint na hEorpa Ráiteas Síntiús a chur isteach faoin 31 Eanáir gach bliain. **[alt 24]** Tá dualgas ar na síntiúsóirí atá tuairiscithe i mír 3.5 Ráitis Síntiús a chur isteach faoin 31 Eanáir

gach bliain freisin. Maidir le ráitis síntiús bhliantúla ó gach comhalta de na Tithe agus ó gach ionadaí i bParlaimint na hEorpa, ceanglaítear leis na forálacha den Acht leasaithe go gcuirfear faisnéis bhreise ar fáil mar seo a leanas:

- a) an dáta ar a bhfuarthas an síntiús;
- b) ainm an duine a d'iarr an síntiús;
- c) seoladh poist an duine a d'iarr an síntiús; agus
- d) an amhlaidh gur eisíodh admháil chuig an síntiúsóir i leith an tsíntiúis, agus má eisíodh, an dáta ar ar eisíodh an admháil agus ainm an duine a d'eisigh an admháil.

Ba cheart do Shíntiúsóirí Corparáideacha a bheith ar an eolas go mbeifear ag súil go gcoinneoidh siad admhálacha lena scrúdú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Caibidil 4 - Cionta agus Pionóis

4.1 Cionta

- 4.1.1 Beidh duine ciontach i gcion má dhéanann sé, go feasach, ráiteas (i.e. an ráiteas a rinneadh thar ceann an tSintiúsóra Chorporáidigh, inar deimhníodh gur cheadaigh an Sintiúsóir Corparáideach an sintiús a thabhairt, agus a cuireadh ar fáil in éineacht leis an sintiús don faighteoir) atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha a chur ar fáil. **[alt 23 AA(1)(ii) agus alt 25(1C)]**
- 4.1.2 Beidh duine ciontach i gcion má dhéanann sé, go feasach, faisnéis atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha maidir leis an gClár de Shintiúsóirí Corparáideacha a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. **[alt 23D agus alt 25(1D)]**
- 4.1.3 Beidh duine ciontach i gcion má dhéanann sé, go feasach, faisnéis atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha maidir le sintiúis a bheith á dtabhairt ag idirghabhálaithe a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. **[alt 23AB agus alt 25(1E)(b)]**
- 4.1.4 Más infheidhme, beidh duine ciontach i gcion i gcás ina theipeann air/uirthi ráiteas sintiús agus/nó dearbhú reachtúil a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin ar an 31ú Eanáir nó roimhe (féach cuid 3.5 thuas).

Ar thosach feidhme alt 187 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, beidh na nithe seo a leanas ina gcion ar leith faoin Acht freisin.

- a. teip chun Ráiteas Sintiús agus/nó Dearbhú Reachtúil a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin;

Ar thosach feidhme alt 193 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin “fógra pionós shocraithe” a sheirbheáil mar aon le híocaíocht sheasta €200 ar dhuine a bhfuil cion déanta aige nó aici mar atá leagtha amach ag 4.1.4. I gcás ina seirbheálfar fógra pionóis shocraithe ar dhuine, ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona má dhéantar íocaíocht ar an dáta a shonrófar san fhógra pionóis shocraithe nó roimhe.

4.2 Pionóis

4.2.1 I gcás go bhfaighfear duine ciontach sna cionta thuasluaite, dlífear, ar é a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €25,394.76 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh tréimhse nach mó ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air. **[alt 25(2)(b)]**

4.2.2 Ag an am seo, ní thionscnófar imeachtaí i leith ciona ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ar thosach feidhme alt 187 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin imeachtaí achoimre a thionscnamh agus a ionchúiseamh.